



LAW REFORM
COMMISSION/COIMISIÚN UM
ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

**TUARASCÁIL
BHLIANTÚIL 2012**

AN COIMISIÚN

Is é atá sa Choimisiún um Athchóiriú an Dlí ná Uachtarán, Coimisinéir lánaimseartha amháin agus triúr Coimisinéirí páirtaimseartha. I 2012, bhí a leanas sa Choimisiún:

An Breitheamh Onórach John Quirke

Uachtarán (ó mhí Iúil 2012)

Patricia T Rickard-Clarke BCL, Aturnae

Coimisinéir Lánaimseartha (go dtí mí Feabhra 2012)

Finola Flanagan BL

Coimisinéir Lánaimseartha (go dtí mí an Mhárta 2012)

An tOllamh Finbarr McAuley BCL, LLB, MPhil, LLD,

Coimisinéir Páirtaimseartha (go dtí mí Iúil 2012)

Marian Shanley BCL, Aturnae

Coimisinéir Páirtaimseartha (go dtí mí Iúil 2012)

An Breitheamh Onórach Dónal O'Donnell

Coimisinéir Páirtaimseartha (go dtí mí an Mhárta 2012)

An tOllamh Donncha O'Connell, Dámh an Dlí, OÉ Gaillimh

Coimisinéir Páirtaimseartha (ó mhí an Mhárta 2012)

Marie Baker SC

Coimisinéir Páirtaimseartha (ó mhí Iúil 2012)

Tom O'Malley BL

Coimisinéir Páirtaimseartha (ó mhí Iúil 2012)

FOIREANN TAIGHDE AN CHOIMISIÚIN¹

Stiúrthóir Taighde:

Raymond Byrne

Bainisteoir Tionscadail ar Athráiteas ar an Dlí Reachtúil:

Alma Clissmann

Bainisteoir Tionscadail ar an Eolaire Reachtaíochta:

Heather Mahon (go dtí mí Mheán Fómhair 2012)

Taighdeoirí Dlí

Aileen O'Leary, Barbara Brown, Conor Cunningham

Kate Clancy, Aoife Clarke, Dannie Hanna

Colm Kitson, Donna Lyons, Tara Murphy

Kate McGovern, Stephen O'Connor, Mengxi Hu

Roz O'Connell, Emma Roche-Cagney

Aidan McMahan, Denise Roche

¹ Ní raibh na baill go léir den fhoireann taighde fostaithe ar feadh na bliana iomláine féilire.

FOIREANN RIARACHÁIN AN CHOIMISIÚIN

Ceann Riaracháin: Ciara Carberry

Oifigigh Feidhmiúcháin: Deirdre Bell
Ann Byrne

Bainisteoir Faisnéise Dlíthiúla: Conor Kennedy

Catalógaí: Eithne Boland (go dtí mí Feabhra 2012)

Oifigigh Chléireachais: Ann Browne
Liam Dargan
Joseph Cooke

CLÁR ÁBHAR

RÉAMHRÁ	4
CAIBIDIL 1	
INTREOIR	
Feidhmeanna an Choimisiúin	5
Ráiteas Straitéise 2009-2011	6
Modhanna Oibre agus Próiseas Comhairliúcháin	7
CAIBIDIL 2	
ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ: FORBAIRT AN CHEATHRÚ CLÁR, DUL CHUN CINN AR CHRÍOCHNÚ AN TRÍÚ CLÁR AGUS CUR CHUN FEIDHME OBAIR AN CHOIMISIÚIN	
A. Forbairt an Cheathrú Clár um Athchóiriú an Dlí	9
B. Dul Chun Cinn ar Chríochnú an Tríú Clár agus Cur Chun Feidhme Mholtaí an Choimisiúin i 2012	10
CAIBIDIL 3	
ROCHTAIN AR REACHTAÍOCHT	
A. An tEolaire Reachtaíochta	14
B. Liosta Aicmithe Reachtaíochta	14
C. Achtanna Athbhreithnithe	14
CAIBIDIL 4	
RIARACHÁN	
A. Intreoir	16
B. An Coimisiún	16
C. An Coiste Bainistíochta	16
D. An Fhoireann Riaracháin	16
E. An Fhoireann Taighde agus Leabharlainne	17
F. Airgeadas	18
G. Éifeachtúlacht Fuinnimh	18
H. Socruithe Rialachais	18
Aguisín A:	
Liosta Tionscadal sa Tríú Clár um Athchóiriú an Dlí 2008-2014	20
Aguisín B:	
Cairt Eagraíochta	22

RÉAMHRÁ

Agus Tuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí do 2012 á cur i láthair agam, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl ar dtús leis na Coimisinéirí Flanagan, O'Malley, Baker agus O'Connell as a gcuid tiomantais, saothracha agus díograise le linn na bliana.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin do na hiar-Choimisinéirí a d'oibrigh le linn 2012. Chuir a gcuid oibre i dtreo mhisean an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí a chomhlíonadh go mór le rath na heagraíochta. Rinne Patricia T Rickard-Clarke (ina Coimisinéir go dtí mí Feabhra 2012), Finbarr McAuley (ina Choimisinéir go dtí mí Iúil 2012), Marian Shanley (ina Coimisinéir go dtí mí Iúil 2012) agus an Breitheamh Onórach Dónal O'Donnell (ina Choimisinéir go dtí mí an Mhárta 2012) rannchuidiú ollmhór le hathchóiriú an dlí le linn a gcuid tréimhsí oifige faoi seach.

Cheap an Rialtas an Coimisiún atá ann faoi láthair i lár na bliana 2012 agus tá sé fós go daingean tiomanta d'athchóiriú bríoch a dhéanamh ar dhlí na hÉireann sna blianta atá le teacht. Seachadfar cuid shuntasach den rannchuidiú sin trínár gCeathrú Clár um Athchóiriú an Dlí a gcuirfead tús leis (faoi réir cheadú an Rialtais atá ag teastáil) le linn 2013. Tá na gnéithe deireanacha de 3^ú Clár an Choimisiúin ag ardfhorbartha faoi láthair agus beidh siad réidh faoi dheireadh 2013.

Mar aon leis an sainchúram atá air de bhun Acht an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí, 1975, tá an Coimisiún i mbun tionscnamh eile dar teideal *Rochtain ar Reachtaíocht*, rud atá beartaithe reachtaíocht na hÉireann a dhéanamh níos inrochtana do gach saoránach an Stáit agus do dhaoine eile a bhfuil spéis acu inti. Cuimsíonn an tionscadal sin forbairt agus cothabháil leanúnach an Eolaire Reachtaíochta; ullmhú agus foilsiú ar líne níos mó ná 100 Acht Athbhreithnithe (téacs iomlán na nAchtanna, arna leasú) agus forbairt agus cothabháil Liosta Aicmithe Reachtaíochta (liosta Achtanna atá i bhfeidhm agus atá eagraithe de réir ceannteideal ábhair).

Tá an Coimisiún faoi chomaoin ag raon leathan daoine agus eagraíochtaí a chuireann leis an gCoimisiún agus a chabhraíonn leis a chuid feidhme a chomhlíonadh. Tugann an tArd-Aighne agus na baill dá hOifig cúnamh agus tacaíocht riachtanach don Choimisiún ar bhonn leanúnach agus is mór againn an chomhairle dheonach luachmhar agus an cúnamh deonach luachmhar a fhaigheann an Coimisiún ón iomad daoine agus grúpaí a dtéann sé i gcomhairle leo agus an comhoibriú agus an chúirtéis a fhaigheann sé ó Ranna Rialtais a mbíonn sé i dteagmháil leo.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann taighde agus riaracháin an Choimisiúin atá beag ach tiomanta agus a chuireann tacaíocht shaineolach thiomanta den sórt sin ar fáil agus a oibríonn chomh crua sin chun a chinntiú go leanann obair an Choimisiúin de bheith ar ardchaighdeán.

An Breitheamh Onórach John Quirke,
UACHTARÁN

Lúnasa 2013.

CAIBIDIL 1

INTREOIR

FEIDHMEANNA AN CHOIMISIÚIN

Is comhlacht reachtúil arna bhunú ag an *Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí*, 1975, é an Coimisiún. Sonraítear in Acht 1975 gurb é ról an Choimisiúin an dlí a choinneáil faoi athbhreithniú agus taighde a dhéanamh d'fhonn an dlí a athchóiriú. Sainmhínítear 'athchóiriú an dlí' ann chun an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- forbairt an dlí
- a chódú (lena n-áirítear a shimpliú agus a nua-aoisiú) agus
- athbhreithniú agus comhdhlúthú an dlí reachtúil.

Ó cuireadh ar bun é, tá níos mó ná 180 doiciméad foilsithe ag an gCoimisiún (Páipéir Cheisteanna, Páipéir Chomhairliúcháin, Páipéir Oibre agus Tuarascálacha) ina bhfuil moltaí le haghaidh athchóiriú an dlí, agus tá siad sin ar fáil ag www.lawreform.ie. Tá liosta iomlán d'fhoilseacháin an Choimisiúin ar fáil ar láithreán Gréasáin an Choimisiúin ag www.lawreform.ie, áit ina bhfuil na foilseacháin uile ar fáil le híoslódáil saor in aisce.

Clár um Athchóiriú an Dlí agus Iarratais ón Ard-Aighne

Go dtí 2006, d'éirigh obair thaighde an Choimisiúin as dhá phríomhfhoinsé: sa chéad áit, faoi Chlár um Athchóiriú an Dlí a d'ullmhaigh an Coimisiún agus ar aontaigh an Rialtas leis agus a cuireadh os comhair Thithe an Oireachtais faoi Acht 1975; agus sa dara háit, de réir iarratais ón Ard-Aighne faoi Acht 1975.

Ullmhaíonn an Coimisiún Clár um Athchóiriú an Dlí, faomhann an Rialtas é agus cuirtear os comhair Thithe an Oireachtais é de réir Acht 1975. Bhí an *Chéad Chlár um Athchóiriú an Dlí* de chuid an Choimisiúin i bhfeidhm idir 1977 agus 1999. Tháinig an *Dara Clár um Athchóiriú an Dlí 2000-2007* ina dhiaidh, rud a bhí faofa ag an Rialtas i 2000. I mí na Nollag 2007, d'fhaomh an Rialtas an *Tríú Clár um Athchóiriú an Dlí 2008-2014* de chuid an Choimisiúin.

Athbhreithniú an Tríú Clár agus Forbairt an Cheathrú Clár

I 2011, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an dul chun cinn ar chríochnú an *Tríú Clár um Athchóiriú an Dlí* ag an bpointe réamh-mheasta leathbhealaigh.² Thug an t-athbhreithniú sin le fios go raibh formhór na dtionscadal sa Tríú Clár críochnaithe nó gar do bheith críochnaithe, agus go ndeachaigh forbairtí ó 2008 ar aghaidh thar fhorhmór na dtionscadal eile, lena n-áirítear reachtaíocht a achtaíodh sna réimsí sin. Mar gheall air sin, chinn an Coimisiún i 2012 gur cheart tús a chur le *Ceathrú Clár um Athchóiriú an Dlí* a fhorbairt. Is é a bhí i gceist leis sin ná plé ar chineál agus ar ábhar an Chláir ag Comhdháil Bhliantúil an Choimisiúin do 2012 agus cleachtadh leathan comhairliúcháin a bhí fós ar siúl le linn na chéad leithe de 2013. Le linn 2012, rinne an Coimisiún dul chun cinn suntasach freisin maidir leis na tionscadail eile sa *Tríú Clár um Athchóiriú an Dlí* a chríochnú. Pléitear é sin i gCaibidil 2 thíos.

An tionscadal 'Rochtain ar Reachtaíocht'

I 2012, chomhtháhaigh an Coimisiún a chuid oibre ar an Eolaire Reachtaíochta, ar an Liosta Aicmithe Reachtaíochta agus ar na hAchtanna Athbhreithnithe ina tionscadal

² Féach *Tuarascáil Bhliantúil 2011* an Choimisiúin, Caibidil 6. Rinneadh soláthar don athbhreithniú seo in *Tuarascáil ar an Tríú Clár um Athchóiriú an Dlí 2008-2014* (LRC 86-2007), Ich 7. Rinne an Coimisiún athbhreithniú lárthearma freisin ar an *Dara Clár um Athchóiriú an Dlí 2000-2007*: féach *Tuarascáil Bhliantúil 2004* an Choimisiúin, Caibidil 5.

aonair ar Rochtain ar Reachtaíocht. Leanadh leis an Eolaire Reachtaíochta, ar treoir inchoardaithe ar líne maidir le hathruithe reachtaíochta é, a nuashonrú agus a fhoilsiú ar láithreán Gréasáin ar líne Leabhar Reachtaíochta na hÉireann agus leathnaíodh é chun Eolaire na nIonstraimí Reachtúla ó 2000 go 2012 a chur san áireamh. Leanadh leis an Liosta Aicmithe Reachtaíochta a nuashonrú, agus críochnaíodh obair leanúnach chun Ionstraimí Reachtúla atá i bhfeidhm a aithint agus a aicmiú lena máthairachtanna, rud as ar tháinig an chéad dréacht-Liosta Aicmithe Ionstraimí Reachtúla ar scaipeadh ar Ranna Rialtais lena n-athbhreithniú.

Chinn an Coimisiún bogadh ó na dréacht-Athráitis a ullmhú (a raibh deimhniú ag an Ard-Aighne agus nósanna imeachta réamhfhóilsithe ag teastáil uathu) ar Achtanna Athbhreithnithe d'fhonn níos mó solúbthachta a chur ar fáil ina bhfoilsiú agus ina nuashonrú. Foilsíodh Achtanna Athbhreithnithe ón gCéad Chlár agus ón Dara Clár agus roinnt Achtanna ó 2006 ar aghaidh a ndearnadh leasuithe ar an téacs iontu (a bhí mar chuid de thús an chláir chun gach Acht tar éis 2006 a ndearnadh leasuithe ar an téacs iontu a nuashonrú, seachas Achtanna Airgeadais agus Achtanna Leasa Shóisialaigh).

Pléann an Coimisiún forbairt an tionscadail 'Rochtain ar Reachtaíocht' i 2012 i gCaibidil 3.

RÁITEAS STRAITÉISE 2012-2014

I 2012, chuir an Coimisiún *Ráiteas Straitéise 2012-2014* le chéile, rud arb é an creat le haghaidh obair an Choimisiúin sa tréimhse trí bliana a chlúdaíonn sé. Léiríonn an *Ráiteas Straitéise 2012-2014* tuairimí an Choimisiúin agus na bainistíochta sinsearaí ar a bhfuil le déanamh chun an chuid is fearr a bhaint as ról lárnach agus as rannchuidiú an Choimisiúin maidir le hathchóiriú an dlí agus chun a chinntiú go bhfeidhmeoidh an eagraíocht chomh héifeachtúil agus chomh héifeachtach agus is féidir léi agus go mbainfidh sí an úsáid is fearr as na hacmhainní atá ar fáil. Is é *Ráiteas Misin an Ráitis Straitéise*: “an dlí a choinneáil faoi athbhreithniú neamhspleách, oibiachtúil agus saineolach, moltaí dá dhroim sin a dhéanamh le haghaidh athchóiriú an dlí agus an dlí reatha a dhéanamh inrochtana do gach duine.” Cosúil leis na ráitis roimhe sin, léiríonn an *Ráiteas Straitéise* príomhchuspóirí an Choimisiúin don tréimhse 2012-2014, lena n-áirítear freagrachtaí agus cuntasachtaí soiléire chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

Príomhchuspóirí sa *Ráiteas Straitéise*

Aithníodh 3 Phríomhchuspóir i *Ráiteas Straitéise 2012-2014* an Choimisiúin. Is iad sin:

Príomhchuspóir 1: Athchóiriú an Dlí.

An dlí a athbhreithniú agus taighde a dhéanamh d'fhonn dlí na hÉireann a fhorbairt, a shimpliú, a nua-aoisiú agus a chódú.

Príomhchuspóir 2: Rochtain ar Reachtaíocht.

Reachtaíocht ina staid reatha a dhéanamh sorochtana don phobal, mar a leasaíodh í seachas mar a achtaíodh í, agus faisnéis ghaolmhar a sholáthar.

Príomhchuspóir 3: Riarachán.

Seirbhísí riaracháin chorparáidigh agus gnó chorparáidigh atá éifeachtach, nua-aimseartha agus gairmiúil a chur ar fáil don Choimisiún chun tacú leis a chuid cuspóirí a bhaint amach.

Leanann an Tuarascáil Bhliantúil seo seicheamh na bPríomhchuspóirí sin. Léirítear Príomhchuspóir 2 i gCaibidil 1 agus tugtar forbhreathnú inti ar an dul chun cinn a

rinneadh ar na tionscadail sa *Tríú Clár um Athchóiriú an Dlí 2008-2014* agus ar fhorbairt an *Cheathrú Clár um Athchóiriú an Dlí*. Léirítear Príomhchuspóir 2 i gCaibidil 3 agus pléitear an tionscadal 'Rochtain ar Reachtaíocht' inti. I gCaibidil 4, pléann an Coimisiún forbairtí i 2012, faoi Phríomhchuspóir 3, an caidreamh tábhachtach idir riarachán agus ról taighde an Choimisiúin.

MODHANNA OIBRE AGUS PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN

Tá obair thaighde an Choimisiúin bunaithe ar thaighde cúramach agus críochnúil. Is eol don Choimisiún freisin an tábhacht a bhaineann lena cinntiú go bhfuil aon mholtaí le haghaidh athchóirithe bunaithe ar chleachtas. Agus moltaí á n-ullmhú, téann an Coimisiún i gcomhairle go neamhfhoirmiúil le cleachtóirí dlí agus le daoine gairmiúla eile cuí agus le comhlachtaí ionadaíocha. Aithnítear na léargais phraiticiúla a thugann na teagmhálacha sin don Choimisiún i bhfoilseacháin an Choimisiúin.

Modheolaíocht

Chun na spriocanna atá leagtha amach ina Chlár um Athchóiriú an Dlí a bhaint amach agus chun iarratais ón Ard-Aighne a chomhlíonadh, cinntíonn an Coimisiún go sanntar gach tionscadal do Thaighdeoirí a oibríonn faoi threoir ghinearálta an Stiúrthóra Taighde. I gcás an tionscadail 'Rochtain ar Reachtaíocht', oibríonn taighdeoirí faoi threoir an Bhainisteora Tionscadail. Le linn 2012, lean an Coimisiún ar aghaidh le leas breise a bhaint as ionchur taighde ó roinnt intéirneach.

Mar gheall ar an gcastacht a bhaineann le cuid de na saincheisteanna a thagann chun cinn, téann an Coimisiún i gcomhairle go rialta le saineolaithe ar réimsí áirithe an dlí agus le gairmithe a bhfuil eolas acu ar ábhair ar leith. Déanann an Coimisiún a chuid oibre a chur i gcrích agus a athbhreithniú faoi Phlean Gnó an Choimisiúin.

An próiseas comhairliúcháin

Baineann tábhacht lárnach leis an bpróiseas comhairliúcháin maidir le hObair an Choimisiúin. D'fhéadfadh roinnt cineálacha Comhairliúcháin a bheith ann. Sna céimeanna tosaigh dá chuid taighde, d'fhéadfadh an Coimisiún bualadh le saineolaithe nó le cleachtóirí a oibríonn i réimse ar leith, nó le hionadaithe ó ghrúpaí sainleasa. Déanann an Coimisiún Páipéar Comhairliúcháin a ullmhú agus a fhoilsiú ina dhiaidh sin. Lorgaíonn an Coimisiún aighneachtaí i scríbhinn ó pháirtithe leasmhara. Cuirfear na haighneachtaí sin san áireamh i ndréachtú na Tuarascála deiridh ar an ábhar, agus pléifear le haon saincheist nó le haon ábhar imní a tharraingíonn siad anuas sa Tuarascáil. Roimh dhréachtú na Tuarascála, tionóltar seimineár de ghnáth agus féadfaidh an Coimisiún iarraidh ar pháirtithe leasmhara nó orthu siúd a bhfuil aighneacht déanta acu a bheith i láthair.

Ón mbliain 2000 ar aghaidh, tá an Coimisiún ag cur dréacht-Bhille le gach Tuarascáil ina ndéanann sé moltaí a éilíonn athrú reachtaíochta. Féachann an Coimisiún ar na dréacht-Bhillí sin mar ghné thábhachtach dá shainchúram reachtuil faoi Acht 1975. Is é sin, chun dréachtreachtaíocht a chur san áireamh nuair a mholann sé athchóiriú ar an dlí.

I dtaca leis an tionscadal 'Rochtain ar Reachtaíocht', téann an Coimisiún i gcomhairle freisin le raon leathan páirtithe leasmhara. Cuimsíonn sé sin Oifig an Ard-Aighne, Ranna Rialtais, gairm an dlí agus an pobal i gcoitinne. Leagann an Coimisiún béim shuntasach ar na gnéithe teicneolaíochta a bhaineann leis an tionscadal d'fhonn inrochtaineacht ar aschur an tionscadail a éascú ar láithreáin Ghréasáin ríomh-Leabhar Reachtaíochta na hÉireann agus an Choimisiúin. Chomh maith leis sin, thug

an Coimisiún aird d'fhorbairt straitéis ríomh-Reachtaíochta an Rialtais agus do nua-aoisiú leanúnach Leabhar Reachtaíochta na hÉireann i gcomhthéacs *Rialú Níos Fearr*, rud a bhfuil glacadh idirnáisiúnta níos leithne leis.

Cumarsáid le Ranna Rialtais

Tá sé de nós ag an gCoimisiún le mórán blianta cumarsáid a dhéanamh le ranna rialtais ar na tionscadail a bhfuil sé ag obair orthu faoi láthair nó ar na tionscadail ar dóigh dó a bheith ina mbun go ceann i bhfad. Tá socrú i bhfeidhm ag an gCoimisiún freisin leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, a sholáthraíonn cruinnithe débhlantúla chun ceisteanna comhleasa a athbhreithniú, maidir leis an dlí coiriúil agus maidir leis an dlí sibhialta araon. Éascaíonn na cruinnithe sin plé idir an Coimisiún agus an Roinn ar cheisteanna a bhfuil siad ag plé orthu faoi láthair agus ar dhul chun cinn sa phróiseas reachtaíochta.

Cruinnithe le Coistí an Oireachtais

Ó 1998, tá an Coimisiún ag tionól cruinnithe tréimhsiúla le Comhchoiste an Oireachtais ar Dhlí agus Cirt, Comhionannas, Cosaint agus Cearta na mBan chun clár oibre an Choimisiúin a phlé. Is mór ag an gCoimisiún na cruinnithe leis an gCoiste. Ina theannta sin, tháinig an Coimisiún le chéile le Coistí eile an Oireachtais ó am go chéile.

Comhdháil Bhliantúil um Athchóiriú an Dlí

Ón mbliain 2004 anall, tá an Coimisiún ag óstáil Comhdháil Bhliantúil um Athchóiriú an Dlí, rud atá nasctha le Clár an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí. Tugann an chomhdháil deis don Choimisiún ról a thabhairt do pháirtithe a bhfuil suim acu san ábhar i bplé praiticiúil ar thionscadal sainiúil. Dhírigh an Chomhdháil Bhliantúil do 2012 ar fhorbairt an Cheathrú Clár um Athchóiriú an Dlí de chuid an Choimisiúin. Labhair na daoine seo a leanas ag an gComhdháil:

An Breitheamh Onórach Dónal O'Donnell, Breitheamh na Cúirte Uachtaraí agus iarbhall den Choimisiún um Athchóiriú an Dlí

An Breitheamh Onórach Gerard Hogan, Breitheamh na hArd-Chúirte

An tOllamh Frances Ruane, Stiúrthóir, An Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta

An tOllamh Blanaid Clarke, Cathaoirleach McCann-FitzGerald an Dlí Chorporáidigh, Coláiste na Tríonóide

Paul Appleby, Iar-Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach

An tOllamh David Ormerod, Coimisinéir Dlí, Coimisiún Dlí Shasana agus na Breataine Bige

Desmond M. Clarke, Ollamh Emeritus le Fealsúnacht, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

Bhí trasghearradh lucht déanta beartas (lena n-áirítear iad siúd ó Ranna Rialtais), cleachtóirí dlí agus grúpaí ionadaíochta i láthair ag an gComhdháil.

Comhdhálacha, Cuairteanna agus Teagmhálacha leis na Meáin

Freastalaíonn na Coimisinéirí agus an fhoireann taighde ar sheimineáir phoiblí agus ar chomhdhálacha poiblí go minic. Is minic a ghlacann siad páirt iontu freisin. Coinnítear teagmhálacha le comhlachtaí athchóirithe an dlí i ndlínsí eile freisin trína bheith ag freastal ar sheimineáir ábhartha agus trí chuairteanna ó chomhlachtaí eile athchóirithe dlí a óstáil. I mí Iúil 2012, d'óstáil an Coimisiún cruinniú bliantúil na cúig choimisiún um athchóiriú an dlí (iad siúd de chuid Shasana agus na Breataine Bige, na hAlban, Thuaisceart Éireann, Gheirsí agus na hÉireann faoi seach) agus d'óstáil Uachtarán na hÉireann fáiltiú don chruinniú ag Áras an Uachtaráin freisin. Go ginearálta, feidhmíonn Coimisinéirí a bhfuil príomhról acu i dtionscadail ar leith agus an Stiúrthóir Taighde mar urlabhraithe ar son an Choimisiúin.

CAIBIDIL 2

ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ: FORBAIRT AN CHEATHRÚ CLÁR, DUL CHUN CINN AR CHRÍOCHNÚ AN TRÍÚ CLÁR AGUS CUR CHUN FEIDHME OBAIR AN CHOIMISIÚIN

INTREOIR

Sa Chaibidil seo, leagann an Coimisiún amach an obair a rinneadh le linn 2012 ar fhorbairt an Cheathrú Clár um Athchóiriú an Dlí. Leagann sé amach freisin an dul chun cinn a rinneadh i 2012 i dtreo an Tríú Clár um Athchóiriú an Dlí a chríochnú agus forbairtí ábhartha i rith na bliana a bhain le cur chun feidhme na moltaí le haghaidh athchóirithe a rinne an Coimisiún.

A. FORBAIRT AN CHEATHRÚ CLÁR

Mar a luadh i gCaibidil 1, rinne an Coimisiún athbhreithniú i 2011 ar an dul chun cinn ar chríochnú an *Tríú Clár um Athchóiriú an Dlí* ag a phointe réamh-mheasta leathbhealaigh.³ Thug an t-athbhreithniú sin le fios go raibh formhór na dtionscadal sa Tríú Clár críochnaithe nó gar do bheith críochnaithe, agus go ndeachaigh forbairtí ó 2008 ar aghaidh thar fhorhór na dtionscadal eile, lena n-áirítear reachtaíocht a achtaíodh sna réimsí sin. Mar thoradh air sin, i 2012, chinn an Coimisiún gur cheart tús a chur le *Ceathrú Clár um Athchóiriú an Dlí* a fhorbairt. Is é a bhí i gceist leis sin ná dul i mbun comhairliúchán poiblí a bhí ar aon dul le Treoirínte maidir le Comhairliúchán Poiblí atá foilsithe ag an Rialtas. Bhí na gnéithe seo a leanas, i measc nithe eile, i gceist leis an gcomhairliúchán sin.

1. Fógra ar an láithreán Gréasáin agus fóraim phlé ar líne

I mí Dheireadh Fómhair 2012, phostáil an Coimisiún fógra ginearálta ar a láithreán Gréasáin, www.lawreform.ie, rud inar lorgáíodh aighneachtaí a mbreithneofaí lena gcur san áireamh sa Cheathrú Clár um Athchóiriú an Dlí. Chóipeáil roinnt fóraim phlé ar líne an fógra sin.

2. Litreacha cuirí chuig comhlachtaí poiblí agus chuig eagraíochtaí neamhrialtasacha (NGOnna)

I mí Dheireadh Fómhair 2012 freisin, scríobh Uachtarán an Choimisiúin chuig raon leathan comhlachtaí poiblí agus eagraíochtaí neamhrialtasacha chun cuireadh a thabhairt dóibh aighneachtaí ar an gCeathrú Clár um Athchóiriú an Dlí a chur ar fáil. I measc na gcomhlachtaí sin, bhí:

- Barnardos
- Banc Ceannais na hÉireann
- An tÚdarás Comhionannais
- Ionaid Chomhairle Dlí Saor in Aisce (FLAC)
- Coimisinéir an Gharda Síochána
- Ranna Rialtais (seisear Ard-Rúnaithe dhéag)
- An Bord Díobhálacha
- Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC)
- Comhdháil na gCeardchumann (ICTU)
- Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine
- Iontaobhas na hÉireann um Athchóiriú an Chórais Choiriúil
- Coimisinéirí Dlí Shasana/na Breataine Bige, na hAlban agus Thuaisceart Éireann

³ Féach *Tuarascáil Bhliantúil 2011* an Choimisiúin, Caibidil 6. Rinneadh soláthar don athbhreithniú seo in *Tuarascáil ar an Tríú Clár um Athchóiriú an Dlí 2008-2014* (LRC 86-2007), Ich 7. Rinne an Coimisiún athbhreithniú lárthearma freisin ar an *Dara Clár um Athchóiriú an Dlí 2000-2007*: féach *Tuarascáil Bhliantúil 2004* an Choimisiúin, Caibidil 5.

- Scoileanna agus Dámha an Dlí de chuid Institiúidí Tríú Leibhéal
- Comhairle na nDochtúirí Leighis
- An Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí
- An Bord Altranais agus Cnáimhseachais
- Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach
- Coiste an Oireachtais um Dhlí agus Ceart, Comhionannas agus Cosaint
- Ombudsman
- Ombudsman do Leanaí.

3. Fógraí

I mí na Samhna 2012, chuir an Coimisiún fógra a bhain leis an gCeathrú Clár in dhá iris a mbíonn scaipeadh forleathan acu i measc ghairm an dlí. Is iad sin, *The Law Society of Ireland Gazette* agus *The Bar Review*.

4. Comhdháil Bhliantúil agus seimineáir phoiblí

Dhírigh Comhdháil Bhliantúil an Choimisiúin do 2012, a tionóladh ar an 11 Nollaig 2012, ar fhorbairt an Cheathrú Clár um Athchóiriú an Dlí. Phléigh cainteoirí na Comhdhála an timpeallacht leathan shóisialta agus eacnamaíoch le haghaidh clár nua um Athchóiriú an Dlí a fhorbairt. Labhair na daoine seo a leanas ag an gComhdháil:

- An tUasal Paul Appleby, iar-Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach
- An tOllamh Blanaid Clarke, Cathaoirleach McCann-FitzGerald an Dlí Chorparáidigh, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- An Breitheamh Onórach Gerard Hogan, Breitheamh na hArd-Chúirte
- An Breitheamh Onórach Dónal O'Donnell, Breitheamh na Cúirte Uachtaraí agus iar-Choimisinéir (a thug an spreagaitheasc ar athchóiriú an dlí agus ar ról agus ar fheidhm an Choimisiúin).
- An tOllamh Frances Ruane, Stiúrthóir, An Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.

Thionóil an Coimisiún seimineáir poiblí eile in OÉ Gaillimh ar an 27 Feabhra 2013 freisin. Chríochnaigh an Coimisiún a ullmhúchán ar an dréacht-Ceathrú Clár sa chéad leath de 2013. Pléifear é sin níos mine i dTuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin do 2013.

B. DUL CHUN CINN AR CHRÍOCHNÚ AN TRÍÚ CLÁR AGUS CUR CHUN FEIDHME MHOLTAÍ AN CHOIMISIÚIN I 2012

Mar a luadh cheana, thug athbhreithniú an Choimisiúin ar an *Tríú Clár um Athchóiriú an Dlí* i 2011 le fios go raibh formhór na dtionscadal críochnaithe nó gar do bheith críochnaithe, agus go ndeachaigh forbairtí ó 2008 ar aghaidh thar formhór na dtionscadal eile, lena n-áirítear reachtaíocht a achtaíodh sna réimsí sin. Ní hé amháin gur chinn sé i 2012 gur cheart tús a chur le hobair ar *Ceathrú Clár um Athchóiriú an Dlí* a fhorbairt, chinn an Coimisiún freisin go gcríochnódh sé obair ar na tionscadail eile seo a leanas le linn 2012 agus 2013 (d'eascair ceann de na tionscadail sin, a bhain le pianbhreitheanna éigeantacha, as iarratas ón Ard-Aighne).

1. An 3ú Clár, Tionscadal 1: Seirbhís Ghiúiré (foilsíodh an Tuarascáil ina leith sin nuair a bhí an Tuarascáil Bhliantúil seo á hullmhú).
2. An 3ú Clár, Tionscadal 3: Barántais Chuardaigh agus Barántais Bhinse.
3. An 3ú Clár, Tionscadail 7, 8, 11: Dlí na Fianaise.
4. An 3ú Clár, Tionscadail 12 agus 14: Cionta Gnéasacha agus Cumas chun Toiliú.
5. An 3ú Clár, Tionscadal 24: Foréigean Baile (foilsíodh Páipéir Cheisteanna ina leith sin nuair a bhí an Tuarascáil Bhliantúil seo á hullmhú).
6. An 3ú Clár, Tionscadal 34: Conarthaí Árachais.

7. An 3ú Clár, Tionscadal 37: An Dlí Sibhialta maidir le Daoine ar Iarraidh (foilsíodh an Tuarascáil ina leith sin nuair a bhí an Tuarascáil Bhliantúil seo á hullmhú).
8. Iarratas ón Ard-Aighne: Pianbhreitheanna Éigeantacha (foilsíodh an Tuarascáil ina leith sin nuair a bhí an Tuarascáil Bhliantúil seo á hullmhú).

Ó thaobh chur chun feidhme mholtaí an Choimisiúin de i rith 2012, is é a bhí i gceist leis an *Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012*, ná cur chun feidhme na moltaí a rinne an Coimisiún. Tá roinnt Billí a bhí os comhair an Oireachtais nuair a bhí an Tuarascáil Bhliantúil seo á hullmhú bunaithe, go hiomlán nó go páirteach, ar mholtaí an Choimisiúin. Áirítear leo an *Bille um Cheartas Coiriúil (Ciontuithé Spíonta), 2012*, an *Bille um Príobháideacht, 2006*, agus an *Bille um Binsí Fiosrúcháin, 2005*. Tá roinnt Scéimeanna Billí (nó Cinn Bhillí) foilsithe ag an Rialtas chomh maith a bhaineann le moltaí an Choimisiúin. Áirítear leo an Scéim *Bille um Idirghabháil agus Chomhréiteach*. Ar láithreán Gréasáin an Choimisiúin, www.lawreform.ie, tá rannán tiomnaithe ina bhfuil forbheathnú ginearálta ar chur i bhfeidhm gach tuarascála an Choimisiúin, agus nuashonraítear é seo ar bhonn rialta.

Pléitear an t-ábhar sa chuid seo den chaibidil faoi na 6 ceannteideal ghinearálta seo a leanas, atá bunaithe den chuid is mó ar na ceannteidil sa *Tríú Clár um Athchóiriú an Dlí 2008-2014*:

1. An Córas Dlí agus an Dlí Poiblí
2. Dlí na Fianaise
3. An Dlí Coiriúil
4. An Dlí Talún agus Dlí na nIontaobhas
5. An Dlí Tráchtála agus Dlí na nOibleagáidí
6. An Dlí Idirnáisiúnta

1. AN CÓRAS DLÍ AGUS AN DLÍ POIBLÍ

Seirbhís Ghiúiré

Le linn 2012, rinne an Coimisiún dul chun cinn suntasach ar fhorbairt *Tuarascáil ar Sheirbhís Ghiúiré* (an 3^ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 1), i ndiaidh dó *Páipéar Comhairliúcháin ar Sheirbhís Ghiúiré* (LRC CP 60-2010) a fhoilsiú. D'fhoilsigh an Coimisiún an *Tuarascáil ar Sheirbhís Ghiúiré* i 2013.

Dócmhainneacht Phearsanta agus Bainistiú Fiach

Rinne an *tAcht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012*, príomh-mholtaí an Choimisiúin le haghaidh córas neamhbhreithiúnach socraithe fiach sa *Tuarascáil ar Bhainistiú Fiach Pearsanta agus Forghníomhú Fiach* (LRC 100-2010) (an 3^ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 2) a chur chun feidhme.

Barántais Chuardaigh agus Barántais Bhinse

I 2012, rinne an Coimisiún dul chun cinn suntasach ar an *Tuarascáil ar Bharántais Chuardaigh agus Barántais Bhinse* (an 3^ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 3) a chríochnú. Chuir an Coimisiún críochnú na Tuarascála ar atráth go dtí go dtabharfaí fógra faoi thoradh an achomhairc chuig an gCúirt Uachtarach in *Damache in aghaidh Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí* [2012] IESC 11. In *Damache*, ba í tuairim na Cúirte gur míbhunreachtúil a bhí an chumhacht bharántais chuardaigh in alt 29(1) den *Acht um Chionta in Aghaidh an Stáit, 1939*, (arna chur isteach le halt 5 den *Acht um an Dlí Coiriúil, 1976*), a thug cead do bhall den Gharda Síochána barántas cuardaigh a eisiúint nuair a bhí an ball sin páirteach go díreach i bhfiosrúchán coiriúil ar eisíodh an barántas ina leith. Foilseoidh an Coimisiún a Thuarascáil ar an ábhar seo i 2013.

Réiteach Comhrognach Aighnis

I 2012, d'fhoilsigh an Rialtas an Scéim (nó Cinn) de *Bhille um Idirghabháil agus Chomhréiteach*. Dhéanadh Scéim an Bhille na príomh-mholtaí in *Tuarascáil ar Réiteach Comhrognach Aighnis: Idirghabháil agus Comhréiteach* (LRC 98 - 2010) de chuid an Choimisiúin (an 3^ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 5) a chur chun feidhme. Tarchuireadh an Scéim den Bhille chuig Coiste an Oireachtais ar Cheartas Coiriúil, Cosaint agus Comhionannas, dá ndearna an Coimisiún aighneacht scríofa i 2012.

Comhdhlúthú agus Athchóiriú na nAchtanna Cúirteanna

Agus an Tuarascáil seo á scríobh, cuirtear san áireamh i gClár Reachtaíochta an Rialtais moladh chun *Bille Cúirteanna (Comhdhlúthú agus Athchóiriú)* a fhoilsiú, a raibh dréacht de mar aguisín leis an *Tuarascáil ar Chomhdhlúthú agus Athchóiriú na nAchtanna Cúirteanna* (LRC 97-2010) a d'fhoilsigh an Coimisiún i 2010.

Binsí Fiosrúcháin

Bhí an *Bille um Binsí Fiosrúcháin 2005* bunaithe ar an dréacht de *Bhille um Binsí Fiosrúcháin* in *Tuarascáil ar Fhiosrúcháin Phoiblí* an Choimisiúin (LRC 73-2005) (an 2^ú Clár um Athchóiriú an Dlí 8), ag fanacht le Céim na Tuarascála i nDáil Éireann i 2012.

2. DLÍ NA FIANAISE

Fianaise Chlostráichta, Dhoiciméadach agus Shaineolach

I 2012, Rinne an Coimisiún dul chun cinn suntasach ar *Tuarascáil ar Dhlí na Fianaise* ilchodach, a chuimseoidh trí thionscadal sa *Tríú Clár um Athchóiriú an Dlí* ar a bhfuil trí Pháipéar Comhairliúcháin foilsithe ag an gCoimisiún. Is iad sin: *Páipéar Comhairliúcháin ar Fhianaise Chlostráichta i gCásanna Sibhialta agus Coiriúla* (LRC CP 61-2010), *Páipéar Comhairliúcháin ar Fhianaise Leictreonach agus Dhoiciméadach* (LRC CP 57-2009) (an 3^ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 7) agus *Páipéar Comhairliúcháin ar Fhianaise Shaineolach* (LRC CP 52-2008) (an 3^ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 11). Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún a Thuarascáil ar an réimse seo a fhoilsiú faoi dheireadh 2013.

3. AN DLÍ COIRIÚIL

Cionta Gnéasacha: Acmhainn chun Toiliú

I 2012, rinne an Coimisiún dul chun cinn suntasach ar *Tuarascáil ar Chionta Gnéasacha agus Acmhainn chun Toiliú* (an 3^ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 12 agus Tionscadal 14) a chríochnú, i ndiaidh dó *Páipéar Comhairliúcháin ar Chionta Gnéasacha agus Acmhainn chun Toiliú* (LRC CP 63-2011) a fhoilsiú i 2011. Tá sé sin mar chuid den athbhreithniú ginearálta ar an dlí um chionta gnéasacha a bhfuil an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ag tabhairt faoi.

Pianbhreitheanna Éigeantacha

I 2012, ghlac an Coimisiún páirt i dtuilleadh comhairliúcháin le cleachtóirí ar *dhréacht-Tuarascáil ar Phianbhreitheanna Éigeantacha*, tar éis a *Páipéar Comhairliúcháin ar Phianbhreitheanna Éigeantacha* (LRC CP 66-2011), a foilsíodh i mí Eanáir 2012. Lean an tionscadal iarratas ón Ard-Aighne faoin *Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975*, chun an dlí maidir le pianbhreitheanna éigeantacha a scrúdú agus, más cuí, athchóirithe a mholadh maidir leis na tosca ina bhféadfadh sé a bheith cuí nó tairbheach foráil a dhéanamh do phianbhreitheanna éigeantacha i gcomhair cionta.

Foilsíodh *Tuarascáil ar Phianbhreitheanna Éigeantacha* de chuid an Choimisiúin i 2013.

Ciontuithe Spíonta

Bhí *an Bille um Cheartas Coiriúil (Ciontuithe Spíonta), 2012*, a dhéanadh na príomhmholtaí sa *Tuarascáil ar Chiontuithe Spíonta* (LRC 84-2007) (an 2^ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 10) de chuid an Choimisiúin a chur chun feidhme, ar feitheamh Dara Céim i Seanad Éireann i 2012.

4. AN DLÍ TALÚN AGUS DLÍ NA nIONTAOBHAS

Dlí na nIontaobhas agus na hAchtanna um Thalamh Lonnaithe

I 2011, chuir an Coimisiún obair i gcrích ar a thionscadal ar Dhlí na nIontaobhas agus ar na hAchtanna um Thalamh Lonnaithe (an 3^ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 21), a éiríonn as aisghairm na nAchtanna um Thalamh Lonnaithe ag an *Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009*. Is é a bhí i gceist leis sin ná ullmhú (i gcompháirt leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais) dréachtfhorálacha ar iontaobhais talún lonnaithe lena gcur san áireamh sa Scéim Bille Iontaobhas (Cinn Bhille). Agus an Tuarascáil Bhliantúil seo á scríobh, tugann Clár Reachtaíochta an Rialtais le fios go bhféadfadh sé Scéim Bille Iontaobhas a fhoilsiú i 2013.

5. AN DLÍ TRÁCHTÁLA AGUS DLÍ NA nOIBLEAGÁIDÍ

Conarthaí Árachais

I 2012, chuir an Coimisiún tús le hobair ar *dhréacht-Tuarascáil ar Chonarthaí Árachais* (an 3^ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 34) a ullmhú, tar éis a *Páipéar Comhairliúcháin ar Chonarthaí Árachais* (LRC CP 65-2011), a foilsíodh i mí Eanáir 2012. Foilseofar Tuarascáil an Choimisiúin i 2013.

6. AN DLÍ IDIRNÁISIÚNTA

Gnéithe Dlí Shibhialta den Dlí maidir le Daoine ar Iarraidh

I 2012, chríochnaigh an Coimisiún a chuid oibre ar an *Tuarascáil ar Gnéithe Dlí Shibhialta den Dlí maidir le Daoine ar Iarraidh* (an 3^ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 37) den chuid is mó, agus foilsíodh í i mí Eanáir 2013.

CAIBIDIL 3

ROCHTAIN AR REACHTAÍOCHT

Rinneadh obair an Choimisiúin ar an Eolaire Reachtaíochta, ar an Liosta Aicmithe Reachtaíochta agus ar an Athráiteas ar an Dlí Reachtúil a chomhtháthú i 2012 faoin teideal 'Rochtain ar Reachtaíocht'.

A. An tEOLAIRE REACHTAÍOCHTA

Lean an Coimisiún ar aghaidh i 2012 de bheith ag nuashonrú an Eolaire Reachtaíochta chun athruithe arna ndéanamh ag Achtanna agus ag Ionstraimí Reachtúla araon a léiriú, agus lean sé de bheith ag cur nuashonruithe tréimhsiúla ar aghaidh chuig Oifig an Ard-Aighne lena bhfoilsíú ar láithreán Gréasáin ríomh-Leabhar Reachtaíochta na hÉireann (rLRÉ).

De réir an chláir oibre a pleanáadh i 2011, chríochnaigh an Coimisiún an cruthú Eolaire Reachtaíochta nua le haghaidh Ionstraimí Reachtúla ó 2012 siar go 2000. Chiallaigh sé sin den chéad uair go raibh gach leasú ar Ionstraimí Reachtúla ó 2000 go 2012 taifeadta in innéacs a bhí inrochtana go réidh agus inchuardaithe cosúil leis an gceann a choinnítear do na hAchtanna. Rinneadh leasuithe arna ndéanamh ag Ionstraimí Reachtúla sa tréimhse sin ar Ionstraimí Reachtúla roimhe sin a thaifeadadh freisin.

B. LIOSTA AICMITHE REACHTAÍOCHTA

Sa Liosta Aicmithe, liostaítear breis agus 2,000 Acht atá i bhfeidhm faoi 36 teideal ábhair. Dá bhrí sin, is féidir le húsáideoir, mar shampla, gach reachtaíocht teaghlaigh a aimsiú faoi Theideal 17 agus gach reachtaíocht ar Sheirbhísí Airgeadais agus ar Fhorais Chreidmheasa a aimsiú faoi Theideal 18.

Coinníodh an Liosta Aicmithe Achtanna cothrom le dáta le linn 2012, ag léiriú na nAchtanna aisghairthe agus nua go léir, agus foilsíodh é ar láithreán Gréasáin an Choimisiúin.

Críochnaíodh taighde ar shainnithint stádas 35,000 Ionstraim Reachtúil a rinneadh ó 1922 i leith agus ar a n-aicmiú do chéim an chéad dréacht. Dáileadh an dréacht-Liosta Aicmithe seo d'Ionstraimí Reachtúla atá i bhfeidhm i mí na Nollag 2012 ar Ranna Rialtais le haghaidh ráitis agus aiseolais.

Agus é críochnaithe i 2013, soláthróidh an liosta seo soiléireacht do stádas na nIonstraimí Reachtúla uile atá i bhfeidhm agus déanfaidh sé iad a aicmiú.

C. ACHTANNA ATHBHREITHNITHE

I 2012, rinne an Coimisiún an méid seo a leanas a ullmhú agus a fhoilsíú ar a láithreán Gréasáin i riocht Achtanna Athbhreithnithe. (Rinneadh an cinneadh Achtanna Athbhreithnithe a fhoilsíú in ionad Athráiteas le deimhniú ón Ard-Aighne i gcomhairle le hOifig an Ard-Aighne.)

An tAcht um Rialú Foirgníochta, 2007

An tAcht um an gCiste Carbóin, 2007

An tAcht um Fhuadach Leanaí agus Forghníomhú Orduithe Coimeádta, 1991

An tAcht um Chúram Leanaí, 1991

Acht na Leanaí, 2001

An tAcht um Rialáil Cumarsáide (Leasú), 2007

An tAcht um Ghnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2007

An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007

An tAcht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006

An tAcht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2006
 An tAcht um Láithreáin Thréigthe, 1990
 An tAcht um Fhoréigean Baile, 1996
 An tAcht um Shainchónaí agus Aithint Colscarthaí Coigríche, 1986
 An tAcht um Dhumpáil ar Farraige, 1996
 Acht na bhFostaithe (Soláthar Faisnéise agus Comhairliúcháin), 2006
 An tAcht um Cheadanna Fostaíochta, 2003
 An tAcht um Cheadanna Fostaíochta, 2006
 An tAcht Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2006
 An tAcht um Stádas Comhionann, 2000
 An tAcht um an Dlí Teaghlaigh, 1981
 An tAcht um an Dlí Teaghlaigh, 1995
 An tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996
 An tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Cothabháil Céilí agus Leanaí), 1976
 Acht na nArm Tine, 1925 (athrú chun dáta)
 Acht na nArm Tine, 1964 (athrú chun dáta)
 Acht na nArm Tine agus na nArm Ionsaitheach, 1990 (athrú chun dáta)
 An tAcht um Chaomhnóireacht Naíon, 1964
 An tAcht Sláinte, 2007
 An tAcht Sláinte (Scéim Aisíoca), 2006
 An tAcht Caidrimh Thionscail, 1946
 An tAcht Caidrimh Thionscail, 1969
 An tAcht Caidrimh Thionscail, 1976
 An tAcht Caidrimh Thionscail, 1990
 An tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú), 1991
 An tAcht um an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, 2006
 An tAcht um Idirscaradh Breithiúnach agus Athchóiriú an Dlí Teaghlaigh, 1989
 An tAcht Dlisteanachta, 1931
 An tAcht Cothabhála, 1994
 An tAcht um Margaí in Ionstraimí Airgeadais agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2007
 An tAcht um Stádas Ban Pósta, 1957
 An tAcht um Lia-Chleachtóirí, 2007
 An tAcht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta, 2007
 An tAcht um Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spóirt, 2006
 An tAcht um Ombudsman do Leanaí, 2002
 An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997
 An tAcht um Shaoire do Thuismitheoirí (Leasú), 2006
 An tAcht um Íoc Pá, 1991
 An tAcht Cógaisíochta, 2007
 An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000
 An tAcht um Chosaint Leanaí (Coinbhinsiún na Háige), 2000
 An tAcht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984
 An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001
 An tAcht um Chosaint Fostaíochta, 1977
 An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996
 Acht na nÍocaíochtaí Iomarcacha, 1967
 Acht na nÍocaíochtaí Iomarcacha, 1971
 Acht na nÍocaíochtaí Iomarcacha, 1979
 An tAcht um Chlárú Gníomhas agus Teidil, 2006
 An tAcht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006
 An tAcht lascaigh Mhara agus Dlíinse Muirí, 2006
 An tAcht um Thruailliú na Farraige (Forálacha Ilghnéitheacha), 2006
 An tAcht um Stádas Leanaí, 1987
 An tAcht um Reacht na dTréimhsí, 1957 (athrú chun dáta)
 An tAcht um Reacht na dTréimhsí (Leasú), 1991
 An tAcht um Sheirbhísí Uisce, 2007
 An tAcht um Obair don Aos Óg, 2001

CAIBIDIL 4 RIARACHÁN

INTREOIR

Tá sé mar aidhm ag riarachán an Choimisiúin seirbhísí riaracháin chorparáidigh agus gnó chorparáidigh atá éifeachtach, nua-aimseartha agus gairmiúil a chur ar fáil don Choimisiún chun tacú leis a chuspóirí a chomhlíonadh. Is é an toradh air seo ná timpeallacht shásúil oibre mar a dtacaíonn aonaid riaracháin le hobair dhlí an Choimisiúin trí sheirbhísí sármhaithe tacaíochta gnó chorparáidigh a chur ar fáil, lena n-áirítear bainistíocht acmhainní daonna, bainistíocht airgeadais, tacaíocht dlí agus chorparáideach, teicneolaíocht faisnéise, agus seirbhísí leabharlainne agus faisnéise.

Tá struchtúr eagraíochta reatha an Choimisiúin (amhail mí na Nollag 2012) leagtha amach in Aguisín E.

AN COIMISIÚN

Is éard atá sa Choimisiún ná Uachtarán agus ceathrar Coimisinéirí. An Rialtas a cheapann na Coimisinéirí ar feadh téarma suas le cúig bliana, agus féadfar a gceapachán a athbhreithniú. Is iarbhreitheamh de chuid na hArd-Chúirte é Uachtarán an Choimisiúin (ó mhí Iúil 2012), an Breitheamh Onórach John Quirke. Is abhcóide agus iar-Ard-Stiúrthóir d'Oifig an Ard-Aighne í an Coimisinéir lánaimseartha, Finola Flanagan (a ceapadh i mí an Mhárta 2012). Is iad na triúr Coimisinéirí páirtaimseartha: Marie Baker, Abhcóide Sinsearach agus an tOllamh Donncha O'Connell agus an tOllamh Tom O'Malley, an bheirt acu ón gColáiste Ollscoile, Gaillimh.

Déanann an Coimisiún moltaí don Rialtas ar ábhar an chláir um athchóiriú dlí, socraíonn sé ábhar aschur taighde an Choimisiúin (atá i bPáipéir Chomhairliúcháin agus i dTuarascálacha), agus déanann sé cinntí tábhachtacha riaracháin agus airgeadais. Tagann an Coimisiún le chéile go foirmiúil deich n-uaire ar a laghad sa bhliain.

AN COISTE BAINISTÍOCHTA

Is éard a bhí i gCoiste Bainistíochta an Choimisiúin i 2012 an Coimisinéir lánaimseartha, an Ceannasaí Riaracháin, an Stiúrthóir Taighde, agus na Bainisteoirí Tionscadail. Tháinig an Coiste Bainistíochta le chéile ar bhonn rialta le hathbhreithniú a dhéanamh ar gach saincheist mhór atá bainteach le feidhmiú éifeachtúil agus éifeachtach an Choimisiúin. Ar cheann de phríomhfhreagrachtaí an Choiste tá monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn ar bhaint amach na spriocanna atá leagtha amach i bPlean Gnó Bliantúil an Choimisiúin, a nuashonraítear ar bhonn ráithe.

AN FHOIREANN RIARACHÁIN

Is éard a bhí i bhfoireann riaracháin agus leabharlainne an Choimisiúin Ceann Riaracháin agus foireann cúigear ball foirne amhail mí na Nollag 2012.

I rith 2012, bhí freagracht fhoriomlán ar an Riarachán as na nithe seo a leanas:

- Gach idirbheart airgeadais sa Choimisiún a bhainistiú agus a phróiseáil agus tuairisciú orthu.
- Cóiríocht agus bonneagar TF an Choimisiúin a bhainistiú
- Feidhm acmhainní daonna an Choimisiúin a bhainistiú
- Tacaíocht riaracháin a chur ar fáil don fheidhm thaighde
- Feidhmeanna éagsúla riaracháin a dhéanamh maidir le seoltaí foilseachán agus leis an bpriontáil Tuarascálacha agus Páipéar Comhairliúcháin

Chomh maith leis sin, shocraigh an Riarachán priontáil agus dáileadh foilseacháin an Choimisiúin agus pleanáil agus eagrú na dtascanna éagsúla a bhaineann le seoladh foilseacháin an Choimisiúin, chomh maith le seirbhísí bainistíochta imeachtaí agus seirbhísí corparáideacha a bhaineann le seoltaí, le seimineáir agus leis an gComhdháil Bhliantúil.

AN FHOIREANN TAIGHDE AGUS LEABHARLAINNE

Is é príomhról na foirne taighde dréacht-téacsanna a fhorbairt lena mbreithniú ag an gCoimisiún. Áirítear leis sin ullmhú an Doiciméid Tionscnaimh Thionscadail thosaigh agus ullmhú an Pháipéir Scóipe do thionscadal, rud ina leagtar amach paraiméadair na réimsí atá faoi chaibidil. Is é atá i gceist le céimeanna deireanacha tionscadail ná Dréachtpháipéar Comhairliúcháin nó Tuarascáil a ullmhú agus, sa chás go measann an Coimisiún é a bheith oiriúnach, Páipéar Seimineár a ullmhú.

An Fhoireann Taighde

Is é an Stiúrthóir Taighde atá i gceannas ar an bhfoireann taighde ar athchóiriú an dlí, dá dtuairiscíonn baill na foirne taighde ar athchóiriú an dlí go díreach. Is é Raymond Byrne an Stiúrthóir Reatha Taighde, a bhí sa Scoil Dlí agus Rialtais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Rinneadh tionscadail an Choimisiúin ar an Eolaire Reachtaíochta, ar an Liosta Aicmithe Reachtaíochta agus ar an Athráiteas ar an Dlí Reachtuil a chumasc ina dtionscadal aonair ar Rochtain ar Reachtaíocht go déanach i 2012, rud atá faoi mhaoriseacht ag bainisteoir tionscadail aonair (Alma Clissmann). I rith 2012, choinnigh an Coimisiún 8 bpost lánaimseartha do Thaighdeoirí Dlí ar líon taighdeoirí dlí a fostaíodh ar chonarthaí bliana iad. Shann an Coimisiún na taighdeoirí d'Athchóiriú an Dlí, don Eolaire Reachtaíochta agus don Athráiteas ar an Dlí Reachtuil.

Déanann an Stiúrthóir Taighde an fhoireann taighde ar athchóiriú an dlí a stiúradh agus a bhainistiú, agus tugann sé/sí comhairle agus cúnaimh go ginearálta do na taighdeoirí le go gcinnteofar aschur agus caighdeán oibre cuí. Áirítear leis sin aon taighde ginearálta cúlra a dhéanamh, Páipéir Scóipe a ullmhú, dréacht-doiciméid agus dréacht-Pháipéir Chomhairliúcháin agus Tuarascálacha a ullmhú lena mbreithniú ag an gCoimisiún. Stiúran an Stiúrthóir roinnt seimineár le linn na bliana do na taighdeoirí ar réimsí spéise ar leith agus buaileann na taighdeoirí le chéile go rialta mar ghrúpa le tuairimí a mhalartú ar na réimsí ina bhfuil siad ag déanamh taighde. Freastalaíonn taighdeoirí ar chomhdhálacha ar réimsí ábhartha spéise. Tugtar spreagadh dóibh chomh maith nithe a fhoilsiú in irisí bainteacha dlí le linn a gcuid ama leis an gCoimisiún. Áirítear leis sin ailt ina ndéileáiltear le réimsí ina bhfuil an taighdeoir páirteach go gníomhach.

Seirbhísí Leabharlainne agus Faisnéise

Is é príomhról leabharlann an Choimisiúin a bheith ag coinne le riachtanais na gCoimisinéirí agus fhoireann taighde an Choimisiúin le seirbhísí leabharlainne agus faisnéise agus freagairt dóibh.

D'oirbhrigh an Bainisteoir Faisnéise Dlí/an Leabharlannaí i gcomhairle leis na foirne taighde le rochtain thráthúil a thabhairt ar acmhainní nua leictreonacha agus cóipe crua. Scaipeadh bullaitín d'fhorbairtí reatha dlí, ag díriú ar shealbhuithe nua leabharlainne, ar an bhfoireann ar fad ar bhonn seachtainiúil. Thug Catalógaí lánaimseartha cúnamh don Bhainisteoir Faisnéise Dlí/Leabharlannaí ina ról (go dtí go ndeachaigh sé ar scor i mí Feabhra 2012).

AIRGEADAS

Ioncam agus caiteachas

Is é deontas i gcabhair ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a mhaoiníonn an Coimisiún. B'ionann an t-ioncam iomlán a fuarthas i 2012 ó gach foinse (lena náirítear deontas i gcabhair, pinsin ghлана iarchurtha foirme maoinithe, aistrithe go cuntas caipitil, díolachán foilseachán agus ioncaim faighte ón Roinn Coimirce Sóisialaí) agus €2,330,204.

B'ionann an caiteachas i 2011 agus €2,283,438. Chlúdaigh an caiteachas tuarastail agus aoisliúntas na gCoimisinéirí agus na foirne, forchostais chíosa agus áitribh, cothabháil leabharlann an Choimisiúin, cothabháil líonra TF an Choimisiúin agus costais chlóbhuailte agus dáilte.

Prasíocaíochtaí

Níor thabhaigh an Coimisiún aon phionós as íocaíocht mhall le linn 2012 faoin *Acht um Prasíocaíocht Cuntas, 1997*, arna leasú ag *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002*.

Coiste Iniúcháireachta

Déanann Coiste Iniúcháireachta Oifig an Ard-Aighne iniúchadh ar an gCoimisiún.

ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH

De réir *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtúlacht Úsáid Deiridh agus Seirbhísí Fuinnimh), 2009* (Uimh. I.R. 542 de 2009), agus Treoir 2006/32/EC, chinntigh an Coimisiún le linn 2012 gur fheidhmigh sé céimeanna cuí maidir le bearta caomhnaithe agus laghdaithe fuinnimh.

SOCRUITHE RIALACHAIS

Tá freagracht agus cuntasacht fhoriomlán ar an gCoimisiún as gníomhaíochtaí an Choimisiúin. Tugann an Coiste Bainistíochta, an Riarachán, an fhoireann Taighde agus an fhoireann Leabharlainne cúnamh don Choimisiún sa ról sin.

Meaitseáiltear Príomhchuspóirí an *Ráitis Straitéise* ag leibhéal eagraíochta le spriocanna atá leagtha amach i bPlean Gnó an Choimisiúin. Tá spriocanna ráithiúla faoi gach cuspóir sa Phlean Gnó. Déanann an Coiste Bainistíochta monatóireacht ar bhonn rialta ar an dul chun cinn a dhéantar ar bhaint amach na spriocanna sin.

Déantar feidhmíocht na mball foirne aonair a bhainistiú tríd an CBFF (córas bainistíochta agus forbartha feidhmíochta).

Faoi nósanna imeachta cuntasáíochta atá i bhfeidhm faoi láthair, tarraingítear airgead anuas ó Oifig an Ard-Aighne ar bhonn míosúil trí Dheontas i gCabhair. Díorthaíonn an Coimisiún méid beag ioncaim ó dhíolachán foilseachán freisin (€2,197 i 2012). Déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste monatóireacht ar rialuithe inmheánacha airgeadais agus chaiteachas an Choimisiúin ar bhonn bliantúil. Tá an Coimisiún faoi réir iniúchta ag Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí Oifig an Ard-Aighne freisin.

Nuashonraítear clár bainistíochta riosca an Choimisiúin ar bhonn rialta agus coinníonn an Coimisiún é faoi athbhreithniú.

Aguisín A:

LIOSTA TIONSCADAL SA TRÍÚ CLÁR UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ 2008-2014

A. An Córas Dlí agus an Dlí Poiblí

1. An Dlí a Bhaineann le Giúiréithe
2. Forfheidhmiú Fiachais agus Leasanna a Urrú ar Mhaoin Phearsanta
3. Barántais Bhinse agus Barántais Chuardaigh
4. Teorannú ar Chaingne
5. Réiteach Comhroghnach Aighnis
6. Comhdhlúthú agus Athchóiriú na nAchtanna Cúirteanna

B. Dlí na Fianaise

7. Fianaise Dhoiciméadach agus an Teicneolaíocht
8. Clostrácht i gCásanna Sibhialta agus Coiriúla
9. Réamhnochtdh Cásanna Cosanta
10. Fianaise Fhóiréinseach
11. Fianaise Shaineolach

C. An Dlí Coiriúil

12. Dlí na gCionta Gnéasacha
13. An tíospartach agus an Córas Dlí Choiriúil
14. Daoine Soghonta agus an Córas Dlí Choiriúil
15. Ceartas Aisiríoch
16. Agus aird á tabhairt ar bhunú an Choiste Comhairligh um Chódú an Dlí Choiriúil, scrúdú saincheistenna ag teacht aníos sa chuid ghinearálta den dlí coiriúil
17. Dlí an Dúnbhásaithe
18. Cosaintí sa Dlí Coiriúil
19. Cionta Tosaigh

D. An Dlí Talún agus Maoin

20. Tuilleadh Códú Reachtúil den Dlí Talún
21. Dlí na nIontaobhas agus na hAchtanna um Thalamh Lonnaithe
22. Plean Oibre um Ríomhthíolacadh

E. An Dlí Teaghlaigh

23. Gnéithe Dlíthiúla de Chaidrimh Theaghlaigh
24. Foréigean Baile
25. Dlí an Neamhnithe sa 21^ú hAois

F. Grúpaí ar leith i Sochaí atá ag Athrú

26. Leanaí agus an Dlí
27. Aitheantas Inscne
28. Ghnéithe Dlíthiúla de Bhail Nua agus Éiritheacha de Shochaí na hÉireann (Nósanna Imeachta um Athaontú agus an tSaoránacht)
29. Gnéithe Dlíthiúla de Chúramóirí

G. Teicneolaíocht, Nuálaíocht agus an Duine Aonair

30. Gnéithe Dlíthiúla den Bhitheic
31. Gnéithe Dlíthiúla den Atáirgeadh Daonna Cuidithe
32. Príobháideacht

H. An Dlí Tráchtála agus Dlí na nOibleagáidí


- 33. Dírathú Conarthaí
- 34. Conarthaí Árachais
- 35. Damáistí sa Dlí Conartha agus Torta

I. An Dlí Idirnáisiúnta

- 36. Stádas an Dlí Idirnáisiúnta i nDlí Intíre na hÉireann
- 37. Gnéithe Dlí Shibhialta den Dlí maidir le Daoine ar Iarraidh

AGUISÍN B:

CAIRT EAGRAÍOCHTA



Cairt Eagraíochta an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí amhail an 31 Nollaig 2012